Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar an d'Oifig an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha le haghaidh 2006 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá i e mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar admhálacha agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2007

TALMHAÍOCHT AGUS BIA

Cuntas ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh agus leis an tsuim a d'fhéadfaí a fheidhmiú mar leithreasaí-i-gcabhair chomh maith leis sin:

-do thuarastail agus do speansais Oifig an Aire Talmhaíochta agus Bia, lena n-áirítear seirbhísí faoi leith arna riaradh ag an Oifig sin, agus ag Coimisiún na Talún agus do dheontais áirithe, fóirdheontais agus do dheontais éagsúla -i-gcabhair a íoc agus maidir le híocaíocht deontais áirithe faoi scéimeanna teoranta airgid tirim.

- le haghaidh Fhorghéilleadh Iarchurtha na leithreasuithe gan chaitheamh le haghaidh na seirbhísí soláthair chaipitil faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Seirbhís		Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS		218,779	214,273	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ		13,725	13,518	22
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA		8,107	7,872	(47)
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE		7,282	6,428	(127)
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE		14,589	13,828	(2,600)
A.6. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE		6,514	6,682	(145)
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA		7,135	11,553	3
A.8. BEARTA BREISE CHUN LEASANNA				
AIRGEADAIS AN AE A CHOSAIN'T		721	425	15
A.9. TREALAMH SAOTHARLAINNE		9,534	6,663	11
CAITEACHAS AR CHLÁIR				
B. TAIGHDE AGUS OILIÚINT		34,933	32,217	1,105
C. SÁBHÁILTEACHT BIA (AGUS SLÁINTE PHOIBLÍ), SLÁINTE AINMHITHE AGUS LEAS AGUS FOLLÁINE PLANDAÍ		149,455	135,773	1,200
D. TACAÍOCHTAÍ IONCAIM AGUS MARGAIDH		25,953	22,716	3,903
E. TACAÍOCHT IONCAIM I gCEANTAIR FAOI MHÍBHUNTÁISTE		238,400	257,542	409
F. COMHSHAOL TUAITHE		322,927	329,233	1,157
G. SO-GHLUAISTEACHT TALÚN (LUATHSCOR SCÉIMEANNA CÚNAIMH INSEALBHAITHE)		79,231	60,392	143
H. FORBAIRT TALMHAÍOCHTA AGUS BIA		76,281	44,059	1,164
I. FORAOISEACHT				
<i>Soláthar na Bliana Reatha</i>	118,011			
<i>Forghéilleadh Iarchurtha</i>	<u>18,297</u>	136,308	110,304	115
J. TEAGASC - DEONTAS-I-gCABHAIR LE HAGHAIDH COSTAS GINEARÁLTA		122,018	122,018	12,000
K. AN BORD BIA - DEONTAS-I-gCABHAIR LE HAGHAIDH COSTAS GINEARÁLTA		22,403	22,403	-
L. TABHARTAIS BHIA CHÚNAIMH - AN CLÁR BIA DOMHANDA		6,206	8,506	-
M. SEIRBHÍSÍ EILE		16,322	10,693	-
N. PRÉIMH MAIRTEOLA SPEISIALTA		<u>100</u>	=	=
An Mór-Iomlán				
<i>Soláthar na Bliana Reatha</i>	1,498,626			
<i>Forghéilleadh Iarchurtha</i>	<u>18,297</u>	1,516,923	1,437,098	18,328
<i>Bain de:-</i>				
O. LEITHGHÁBHÁLACHA-I-GCABHAIR		<u>450,241</u>	<u>497,770</u>	<u>137,171</u>
An Glan-Iomlán				
<i>Soláthar na Bliana Reatha</i>	1,048,385			
<i>Forghéilleadh Iarchurtha</i>	<u>18,297</u>	<u>1,066,682</u>	<u>939,328</u>	<u>(118,843)</u>
FARASBARR DON BLIAIN		€ 127,354,196		
TABHAIRT SUAS IARCHURTHA Faoi Alt 91 Den Acht Airgeadais 2004		€ 20,277,000		
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS		€107,077,196		

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 18.

NÓTAÍ

1 EISCEACHTAÍ AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA GINEARÁLTA

Níl córais forbartha a dhóthain chun faisnéis chruinn a sholáthar maidir le Sócmhainní Seasta agus Stoic. Tá gné den mheastachán san áireamh san fhaisnéis atá tugtha.

2 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2006

	€000	€000	€000
Toradh Glan			939,328
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tírim	(16,278)		
Dímheas	17,277		
Caillúint ar Dhiúscairtí	<u>124</u>	1,123	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tírim		(950)	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Laghdú i bhFabhrúithe Deiridh	(97,521)		
Laghdú i Stoc	<u>2,393</u>	<u>(95,128)</u>	<u>(94,955)</u>
Caiteachas Díreach			844,373
Caiteachas a Tabhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara			5,348
Cíosanna Barúlacha			<u>15,082</u>
Costas Oibriúcháin			<u>864,803</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2006

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitil (Nóta 4)			40,392
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 5)			5,525
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 16)		2,886	
Réamhiocaíochtaí		3,557	
Ioncam Fabhráithe		137,171	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Taisteal		457	
An Roinn Airgeadais		1,820	
Eile		36	
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	174,390		
Orduithe Íocaíochta gan Íoc	<u>(130,528)</u>	<u>43,862</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>189,789</u>	
Lúide Dlíteanas Reatha			
Costais Fhabhráithe		21,885	
Iarmhéideanna Creidmheasa eile:			
Réamhiocaíochtaí Infhaighte Cuntas	83		
Forest Focus	45		
Dlite don Stát (Nóta 17)	6,189		
Slándáil	2,741		
Fionraí AE	6,601		
Díolacháin/tobhaigh Cuóta Baine	593		
Cistí Bord Baine Cheantair Chorcaí & Bhaile Átha Cliath	642		
Oll-thobhach Baine 1% Coinneáil	194		
Táillí Iotnaidicídí do Phá Cheadúnaithe/Lotnaidicídí	723		
Tréidliacht Éireann	13		
Ciste Oiliúna	13		
Seiceanna nár briseadh	507		
Blianachtaí Cheannachán Talún	6		
Taisteal	277		
Socrú AIBP	1,472		
Tionscadal Taighde TB Baile an Aba NDP	41		
Foireann an Bhoird Baine	55		
Ilghnéitheach	85	20,280	
Glandliteanas don Stáitchiste (Nóta 6)		<u>25,895</u>	
Iomlán na nDlíteanas Reatha		<u>68,060</u>	
Glansócmhainní Reatha			<u>121,729</u>
Glansócmhainní			<u>167,646</u>

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL AG 31 NOLLAIG 2006

	Trealamh Oifige/ Innealra Eile €000	Trosacán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2006	163,705	11,406	175,111
Breiseanna	15,954	324	16,278
Díúscairtí	(1,473)	(4)	(1,477)
Ollsócmhainní ag 31 Nollaig 2006	<u>178,186</u>	<u>11,726</u>	<u>189,912</u>
Dímheas Carntha			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2006	125,651	7,945	133,596
Dímheas don Bhliain	15,941	1,336	17,277
Dímheas ar Dhiúscairtí	(1,349)	(4)	(1,353)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2006	<u>140,243</u>	<u>9,277</u>	<u>149,520</u>
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2006	<u>37,943</u>	<u>2,449</u>	<u>40,392</u>

Nótaí

- 1 Níl luachálacha ar thalamh agus ar fhoirgnimh atá i seilbh na Roinne ar fáil. Coimeádtar sceideal de thalamh agus d'fhoirgnimh.
- 2 Aistríodh 6.776 heicteár de thalamh neamhthalmhaíochta chuig Dúchas.
- 3 Bhí na tailte seo a leanas ar láimh ag an Aire, mar chomharba ar Choimisiún Talún na hÉireann, ag 31 Nollaig 2006:
- | | |
|------------------|--------------|
| Talmhaíoch | 20 heicteár |
| Neamhthalmhaíoch | 433 heicteár |

5 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL Á BHFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2006

	Úsáideanna Ríomhaireachta €000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2006	13,491
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don bhliain	950
Aistrithe go dtí Clár na Sócmhainní	<u>(8,916)</u>
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2006	<u>5,525</u>

6 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2006

	€000	€000
Farasbarr don bhliain		
Farasbarr le tabhairt suas	107,077	
Forghéilleadh Iarchurtha	<u>20,277</u>	127,354
Deontas an Stáitchiste nár Tarraingíodh		<u>(101,459)</u>
Glandliteanas don Stáitchiste		<u>25,895</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	43,862	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>2,313</u>	46,175
Creidiúnaithe		
Dlíte don Stát	(6,189)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(14,091)</u>	<u>(20,280)</u>
		<u>25,895</u>

7 FÁLTAIS BHREISE INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE

	€
Tobhaigh Thalmhaíochta arna bhailiú faoi Rialacháin AE agus íoctha leis an Stáitchiste	1,890,270
Ciste Pinsin Bhord Baine Cheantar Bhaile Átha Cliath	11,161
Costais finnétithe	4,864
Cúiteamh ó Chomhairle Contae Chill Dara maidir le seachbhóthar Chill Dara	35,114
Aisiocaíocht de rótháille CBL	1,377,170
An Ciste um Bainistiú Athruithe	1,199,000
Barrachas ar chostais diúscairta Mhin Feola agus Cnámh	561,176
Airgead Coinsiasa	<u>200</u>
Iomlán	<u>5,078,955</u>

8 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo-mhír chea nn	Níos lú/(Níos mó) ná a Soláthraíodh €000	Míniú
A.7.	(4,418)	De bharr folúntas foirne IT agus riachtanas oibre riachtanach breise ar Chórais IT ollmhóra rinneadh níos mó foinisithe allamuigh agus speisialtóirí IT a thabhairt isteach ar chonradh agus bhí farasbarr mar thoradh air sin.
A.8.	296	Níor theastaigh an chuid is mó den mhaoiniú a bhí leithroinnte chun bearta teagmhasacha a chlúdach.
A.9.	2,872	Tháinig na coigiltis chun cinn go príomha mar gheall go ndearnadh ceannach agus suiteáil roinnt míreanna de threalamh saotharlainne i gcoimpléasc saotharlainne nua de chuid na Roinne i mBacastún a iarchur.
B.	2,716	Bhí ráta críochnaithe na dtionscadal taighde ilbhliantúla níos lú ná mar a rinneadh soláthar dó .
C.	13,682	D'eascair coigiltis san fho-mhírcheann seo go príomha as laghdú leanúnach sa leibhéal galar ainmhithe agus as athruithe sa pholasaí bánaithe BSE. Rinneadh coigiltis ar na córais ríomhaireachta nua faoi sláinte agus gluaiseacht ainmhithe freisin.
D.	3,237	Lean coigiltis faoin mhírcheann seo as leibhéal ísle ceannachán idirghabhála agus costas gaolmhar i rith na bliana.
E.	(19,142)	Íocadh suim bhreise ar Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste tríd an Vóta, agus mar gheall air sin bhí caiteachas breise san fhomhírcheann, agus meaitseáladh é sin le Leathreasáí-i-gCabhair breise a maoiníodh trí asbhaintí a athstiúradh ón Scéim Íocaíochta Aonair chuig bearta Forbartha Tuaithe - próiseas ar a dtugtar 'modhnú'.
G.	18,839	Bhí glacadh na Scéime um Luathscor i 2006 níos lú ná mar a soláthraíodh dó. D'fhéadfadh go raibh baint ag an scéim fheabhsaithe atá le tabhairt isteach i 2007 leis sin.
H.	32,222	D'eascair na coigiltis go príomha faoin Scéim Bainistíochta Dramhaíola Feirme. Tugadh scéim a bhí feabhsaithe go mór isteach i rith na bliana. Bhí leibhéal iarratais faoin Scéim nua an-ard, ach níor críochnaíodh ná níor maoiníodh ach líon sách beag tionscadal i rith 2006.
I.	26,004	Tharla na coigiltis de bharr go ndearnadh níos lú planduithe ná mar a bhíodhas ag súil leis faoin gClár Foraoisithe.
L.	(2,300)	Deonaíodh €2.3m. Breise don Chlár Bia Domhanda. Bhí €1m chun cúnamh bia a sholáthar do leanaí sa Namaib agus bhí an chuid eile leithroinnte ar oibríochtaí faoisimh agus athshlánúcháin fada leanúnacha.
M.	5,629	Bhí íocaíochtaí a d'eascair as breithiúnais chúirte, socruithe agus speansais dlí ghaolmhara níos lú ná mar a ceadaíodh dóibh sa soláthar teagmhasach seo.
N.	100	Níor eascair éilimh iarmharacha faoin Scéim Mairteola Speisialta de réir mar a bhí measta ar dtús.

9 LEITHGHABHÁLACHA I GCABHAIR

	Fomhírcheann Dochair	Measta €000	Bainte Amach €000	Dliteanais/ Ioncam Fabhraithe €000
RIARACHÁN				
1 Aisióc tuarastal, srl. de chuid oifigeach ar iasacht do chomhlachtaí ar an taobh amuigh.	A.1.	1	-	-
2 Taiscí agus urrúis fhorghéillte faoi shocrúithe idirghabhála AE, aisíocaíocht onnmhairíochta, srl.		1	958	-
3 Aisíocaíochtaí ó tháillí ar sheirbhísí cigireachta tréidliachta ag fearas éanlaithe agus táillí cigireachta feola.		18,020	15,400	2,890
4 Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta d'onnmhairiú beo		1,060	1,658	2
5 Fáltais ó tháillí ar sheirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta		5,097	4,869	314
SEIRBHÍSÍ EILE				
6 Fáltais ó dhíolachán vacsaíní, beostoic, táirgí feirme, srl. ag Saotharlann Taighe Tréidliachta agus feirm ag Baile an Aba; Aisióc speansais coraintín ag Inis Píe.	B. & C.	543	752	167
7 Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniithe, táillí ceadúnaithe, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, srl. agus ó Fheirm Bhacastúin.	B.	2,017	2,177	173
8 Fáltais ó cheadúnais agus ó bheostoc a dhíol agus a léasú.	B.	33	37	2
9 Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí i dtreo an costas a bhaineann le deireadh a chur le Galar Bólachta.	C.	10,000	10,495	820
10 Fáltais Choimisiún na Talún	N.	5,748	11,145	-
11 Fáltais Eile		208	279	1
FÁLTAIS ÓN AE FAOI RIALACHÁIN EAGGF (RÁTHAÍOCHTA)				
12 Speansais idirghabhála margaidh agus costais airgeadaithe do bhearta eile na roinne FEOGA (Ráthaíocht)	D.	9136	9,613	293
13 Caillteanais Stoic Idirghabhála, srl.	D.	1	-	-
14 NDP - Fáltais Ráthaíochta	E., F., G. & I.	356,590	398,672	111,938
15 Fáltais BSE	C.	9,467	9,587	8,350
16 Ciste Tréidliachta	C.	3,001	3,455	-
17 Fáltais Ráthaíochta eile ón AE	D. & N.	1,095	756	-
FÁLTAIS ÓN AE FAOI RIALACHÁIN STRUCHTÚRACHA				
18 An Plean Forbartha Náisiúnta - Fáltais Struchtúracha	H. & I.	28,223	27,917	12,221
		<u>450,241</u>	<u>497,770</u>	<u>137,171</u>

Míniú ar Dhifríochtaí

- 2 Ní dhéantar soláthar ach do mhéid ainmniúil de bharr go mbíonn sé thar a bheith deacair meastachán a dhéanamh d'fháltais faoin mhírcheann seo toisc gur imeachtaí nach mbíonn eolas fúthu ag an tráth a cheaptar an meastachán a chineann an forghéilleadh iarbhrí.
- 3 Bhí an leibhéal táillí aisíochta níos lú ná mar a bhí measta, go príomha mar gheall ar laghdú sa líon ainmhithe a maraíodh agus gur chaith foireann na Roinne níos lú ama ag fearais táirgí agus ag fuarstórais.
- 4 D'eascair an barrachas go príomha mar gheall ar leibhéal níos airde d'onnmhairithe eallaí agus muc beo ná mar a bhí réamh-mheasta.

- 6 Bhí fáiltas ón tástáil a rinne Seirbhísí Saotharlainne Tréidliachta agus ó dhíolachán ainmhithe ag feirmeacha na Roinne níos airde ná mar a bhí réamh-mheasta.
- 7 Críochnaíodh obair ar an athbheithniú ar shainchomhaid lotnaidicídí thar ceann an AE níos luaithe ná mar a bhí réamh-mheasta agus fuarthas leibhéal táillí níos airde ná mar a measadh ar dtús mar thoradh air sin.
- 8 Bhí fáiltas níos airde ná mar a bhí réamh-mheasta mar gheall ar ardú ar an líon rannpháirtithe sa Chlár Feabhsaithe ar Phór Caorach Ginealaigh.
- 10 Bhí an leibhéal fúascailte blianta níos airde ná mar a bhí réamh-mheasta faoin scéim ceannach-amach faoin Acht Talún 2005.
- 11 Bíonn sé thar a bheith deacair fáiltas faoin fho-mhírcheann seo a réamh-mheas, mar gheall ar nádúr na bhfáltais sin.
- 12 Léiríonn na fáiltas leibhéal níos ísle táirgí curtha isteach in idirghabháil agus díolachán stoic reatha, a raibh mar thoradh air níos lú aisíocaíochta de chostais idirghabhála.
- 14 Áirítear an €23 milliún de chómhaoiniú AE faoin bPlean Forbartha Tuaithe CAP 2000-2006. Ina theannta sin, fuarthas €18.320 milliún in aistrithe modhnaithe mar Leithreasai-i-gCabhair chun íocaíochtaí breisithe a mhaoiniú ar Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste i 2006.
- 16 Bhí an méid a aisíocadh níos mó ná mar a bhí réamh-mheasta de bharr nach bhfuarthas éileamh faoi Chlár na Scráibí 2005 go dtí 2006.
- 17 Léiríonn an méid fáiltas glacadh níos ísle ná mar a bhí réamh-mheasta maidir leis an Scéim Baine do Scoileanna. Rinneadh athchóiriú ar an Scéim i rith na bliana.

10 CEANGALTAIS

An figiúr domhanda do Cheangaltais is dócha a thiocfaidh i gcrích sa bhliain/sna blianta amach romhainn faoi Fho-mhírcheann Fála agus Deontais: €2,733,522,321.

11 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	2,079,745	802	26	18,507
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	9,404,385	1,815	533	50,400
Liúntais sealóibre agus uainchláir	368,714	80	20	10,116
Ilghnéitheach	<u>1,240,543</u>	966	31	17,425
Luach saothair breise in iomlán	<u>13,093,387</u>			

Nóta:

Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

12 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Mar a comhaontaíodh leis an Roinn Airgeadais faoin Scéim Buiséid Riaracháin tairmligthe, tá tabhairt anonn ó 2006 de choigiltis €5.108m san áireamh sna meastacháin do 2007.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia de €25,000 le duine den fhoireann mar shocrú idir-réitithe ar éileamh bulaíochta. [Fo-mhírcheann A. (tagairt na Roinne Airgeadais E164/4/04 de 29 Samhain 2006)].

Rinne Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, foráil d'fhorghéilleadh iarchurtha de chaipiteal nár caitheadh de €20,277,000.

Rinneadh íocaíocht €147,404 i ndáil le costais dhlíthiúla a d'eascair as an mBinse Fiosrúcháin maidir leis an Tionscal Próiseála Mairteola. Fo-mhírcheann A. (99/27 de 23 Márta 1999 agus tagairt na Roinne Airgeadais 75/2006)].

Rinneadh íocaíocht €71,063 le gearánaí mar shocrú ar chás cúirte faoin Scéim Foraoisithe. [Fo-mhírcheann M. (99/27 de 23 Márta 1999 DS05009 de 7 Nollaig 2005)].

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €44,080 san iomlán le cúigear iarratasóirí faoin Scéim Cosanta Comhshaoil Tuaithe. [Fo-mhírcheann M. (99/27 de 23 Márta 1999 tagairtí éagsúla na Roinne Airgeadais de 2006)].

Rinneadh íocaíochtaí de €462,564 san iomlán i ndáil le costais dhlíthiúla a d'eascair ó na cásanna cúirte faoin réimeas do chuótaí bainne. [Fo-mhírcheann M. (S90/45/99 & S90/18/98) de 9 Samhain 2004].

Rinneadh íocaíocht €800,000 le cuideachta agus €700,000 le tríú páirtithe mar shocrú críochnaitheach ar imeachtaí Ard-Chúirte. [Fo-mhírcheann M. (S90/45/99 de 15 Nollaig 2006)].

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €1,221,000 san iomlán le nócha a trí eagraíocht leasa ainmhithe. [Fo-mhírcheann C. (S90/2004)].

Íocadh €352,500 san iomlán i ndámhachtainí fiúntais faoin gComhaontú Buiséid Riaracháin. Bhain 1,714 duine aonair agus 40 grúpa san iomlán tairbhe as.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €52,765 san iomlán le naonúr saothróirí póir phrátaí mar chúiteamh ar chaillteanais a tabhaíodh faoin Scéim Deimhnithe Póir Phrátaí. [Fo-mhírcheann B. (Tagairt na Roinne Airgeadais 87/2006 de 17 Deireadh Fómhair 2006)].

Rinneadh íocaíocht ex-gratia €7,500 le hiarratasóir i ndáil le Scéim na mBó Diúil an AE 1992. [Fo-mhírcheann E. (Tagairt na Roinne Airgeadais de 10 Eanáir 2006)].

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €20,000 san iomlán le Cathaoirleach na Comhairle Chomhairlí ar Leas Ainmhithe Feirme. [Fo-mhírcheann C. (tagairtí na Roinne Airgeadais de 25 Eanáir agus 12 Nollag 2006)].

Rinneadh íocaíocht €8,500 le gearánaí do dhamáistí a bhronn an Chúirt Chuarda maidir leis an Scéim Dheireadh le hÉitinn Bhólachta. [Fo-mhírcheann M. (tagairt na Roinne Airgeadais 37/2006 de 21 Aibreán 2006)].

Rinneadh íocaíocht €150,000 le húnéir tréada mar shocrú ar éileamh faoi na rialacháin chun galair a scrios. Íocadh costais dhlíthiúla de €165,873 san iomlán i ndáil le cúig chás eile. [Fo-mhírcheann M. (Tagairt na Roinne Airgeadais 106/2006 de Nollaig 2006) agus smachtbhannaí tairmlighe éagsúla].

Rinneadh íocaíocht €56,016 i ndáil le socrú críochnaitheach ar chostais dhlíthiúla a d'eascair as imeachtaí Ard-Chúirte. [Fo-Mhírcheann C. (99/27 de 23 Márta 1999)].

Rinneadh íocaíocht €9,131 mar shocrú ar costais dhlíthiúla faoi imeachtaí Ard-Chúirte a thionscain Tiománaithe Sibhialta. (Fo-Mhírcheann M.).

Íocadh €150,000 le duine den fhoireann i socrú lasmuigh de chúirt i ndáil le héileamh díobhálacha ceirde. Íocadh costais dhlíthiúla agus táillí eile de €16,434 san iomlán sa chás sin chomh maith. [Fo-Mhírcheann M. (E61/4/70(10) de 22 Márta 2004)].

Íocadh íocaíochtaí de €156,941 san iomlán mar shocrú ar chaingne dlí a thionscain oifigeigh de chuid na Roinne.

Íocadh cúiteamh agus costais ghaolmhara ilghnéitheacha agus dhlíthiúla de €36,603 san iomlán i gcúig chás d'éilimh díobhála pearsanta a thionscain fostaithe.

Íocadh cúiteamh agus costais ghaolmhara ilghnéitheacha agus dhlíthiúla de €51,372 san iomlán i sé chás chás d'éilimh díobhála pearsanta a thionscain daoine nach fostaithe iad.

	Tagairt	Suim €
Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh:		
An Scéim Luathscoir ó Fheirmeoireacht	Smachtbhanna Uimh. S90/17/2000 de dhátaí éagsúla i 2006	53,871
An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath	Smachtbhanna Uimh. S90/17/2000 de dhátaí éagsúla i 2006	15,032
An Scéim Aisiocaíochtaí Onnmhairithe Mairteola	Smachtbhanna Uimh. 4/2006 de 12 Eanáir 2006	6,953
An Clár Foraoiseachta CAP 1989-1997	Smachtbhanna Uimh. S90/17/2000 de dhátaí éagsúla i 2006	24,244

Scéim Dheireadh le Brúsáloise agus Eitinn Bhólachta	2006	Iomlán go 2006
Ráiteas Íocaíochtaí agus Fáltais agus Iomlán Carnach go dtí 31 Nollaig 2006	€m	€m
Ollchostas		
Deontais d'Iomaireoirí (Fo-Mhírcheann C.)	17	760
Táillí do Mháinlianna Tréidliachta (Fo-Mhírcheann C.)	11	468
Eile (Taisteal, Cothú, Tiúibeirclin, Clibeanna, Trealamh, srl.) (Fo-Mhírcheann C.)	18	294
Costais Riaracháin (Measta)	35	695
Iomlán	81	2,217
 Fáltais		
Ranníocaíochtaí Feirmeoirí faoin Acht um Ghalair Bhólachta (Tobhaigh), 1979 (Fo-Mhírcheann O.9.)	11	511
Ranníocaíochtaí AE le Costas Scéimeanna (Fo-Mhírcheann O.16.)	3	80
Iomlán	14	591
 Glanchoistas	67	1,626

13 MAOINIÚ AE

Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bearta maoinithe go hiomlán ag FEOGA agus gníomhaíochtaí cómhaoinithe ag an AE agus ón Vóta. Tá caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí cómhaoinithe ó FEOGA san áireamh i bhFo-Mhírcheann C., D., E., F., G., H. agus I.

Tá caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí a chómhaoinithear ón gCiste Tréidliachta san áireamh sa toradh a thaispeántar i bhFo-Mhírcheann C.

Áirítear sa Chuntas ús €2.938m a íocadh ar íasachtaí gearrthéarmacha de €650m i 2005 chun caiteachas FEOGA a mhaoiniú ar feitheamh aiséoíocht ón AE. Úsáideadh €730m san iomlán d'iasachtaí gearrthéarmacha i 2006.

Caiteachas FEOGA-maoinithe arna bhainistiú ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia

	Iomlán
	€000
Ráthaíocht	
- Caiteachas maoinithe go hiomlán ag FEOGA	
Aiséoíochtaí Onnmhairithe	96,396
Préimh Bheostoic	4,994
Cúnamh Ceantair Arúil	418
Íocaíocht Feirme Aonair	1,308,948
Bearta Déiríochta Speisialta	7,781
Idirghabháil	242
Bearta Ilghnéitheacha Eile	4,198
- Caiteachas FEOGA Cómhaoinithe ¹	
Forbairt Thuaithe ²	356,046
Fáltais Comhaoinithe eile	750
Treoir ¹	
Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir agus Réigiún na Teorann, an Láir Tíre agus an Iarthair den Phlean Forbartha Náisiúnta	27,917
Ciste Tréidliachta ¹	
lena n-áirítear deireadh le BSE / Galar Bólachta	13,042
Caiteachas Iomlán :-	1,820,732

¹ Is maoiniú ón AE é sin a chuirtear ar fáil trí Vóta na Roinne Talmhaíochta agus Bia (Vóta 31) i ndáil le cláir chaiteachais vótáilte a chomhaoinionn an AE. Ní léirítear sa Tábla seo ach an comhaoiniú AE ar na cláir sin. Ní áiríonn na figiúirí sa Tábla réamhíocaíocht Forbartha Tuaithe €42 million a d'íoc Coimisiún an AE ag tús chlár Forbartha Tuaithe CAP 2000-2006 CAP, a íocadh ar ais leis an AE i 2006.

² Tá siad sin comhdhéanta de REPS, Luathscor, Liúntais Chúiteacha agus Foraoiseacht.

14 COIMISIÚIN AGUS FIOSRÚCHÁIN, ETC

Mar seo a leanas atá caiteachas carntha i ndáil le Coimisiúin etc. go dtí 31 Nollaig 2006 ar iocaíochtaí a rinneadh i rith na bliana:

Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta	Bliain Ceapacháin	Caiteachas in 2006 €	Caiteachas Carnach go 2006 €
Binse Fiosrúchán sa Tionscal Próiseála Mairteola	1991	147,404	27,230,053

15 CUNTAIS ILGHNÉITHEACHA

Cuntas Chlár Bia Domhanda (Deontas-i-gCabhair)
Cuntas Fáiltais agus Íocaíochtaí sa Bhliain dár Críoch 31 Nollaig 2006

	€
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2006	-
Deontas-i-gCabhair (Fo-mhírcheann L.)	<u>6,982,314</u>
	6,982,314
Ranníoc don Chlár Bia Domhanda	<u>(6,982,314)</u>
Iarmhéid 31 Nollaig 2006	=

Cuntas Choinbhinsiún Cúnaimh Bia Faoi Chomhaontú Cruithneachta Idirnáisiúnta (Deontas-i-gCabhair)
Cuntas Fáiltais agus Íocaíochtaí sa Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006

	€
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2006	-
Deontas-i-gCabhair (Fo-mhírcheann L.)	<u>1,523,686</u>
	1,523,686
Caiteachas	<u>(1,523,686)</u>
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2006	=

16 STOIC

Áirítear i stoic ag 31 Nollaig 2006	€000
Soláthairtí Saotharlainne, Ceimiceáin	208
Soláthairtí Stáisiúnóireachta	132
Soláthairtí Ríomhairí	62
Soláthairtí Tréidliachta	1,970
Beostoc	352
Stoc Talmhaíochta	102
Míreanna Sábháilteachta & Soláthairtí Garchabhrach	35
Soláthairtí Glantacháin	<u>25</u>
	<u>2,886</u>

17 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2006 ná:	€000
Cáin Shiarchoinneálach	871
Cáin Bhreisluacha	324
Cáin Chonarthaí Iomchuí	13
Aoisliúntas	99
CBL Idirghabhála	(214)
An Roinn Airgeadais	<u>5,096</u>
	<u>6,189</u>

18 RIALÚ INMHEÁNACH A FHEABHSÚ

Tá ráiteas ar rialuithe airgeadais inmheánacha sa ghnáthfhormáid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006 curtha ar aghaidh leis an gcuntas seo chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá na gníomhartha seo a leanas tógtha nó beartaithe chun an córas rialaithe inmheánach a fheabhsú maidir le hoiliúint foirne, bainistiú riosca, slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht rialuithe riaracháin agus airgeadais:

Tá roinnt meicníochtáí ag an Roinn chun athbhreithniú agus luacháil a dhéanamh ar a bhainistiú airgeadais agus ar a chórais rialaithe ar bhonn leanúnach. Áirítear orthu sin a Ghrúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Choiste Iniúchta, a Choiste Bainistithe Riosca agus a Ghrúpa Bainistithe MIF.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, atá faoi Chathaoirleacht an Ard-Rúnaí, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE, agus déanann sé monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialaithe aitheanta agus maidir leis na riachtanais chreidiúnaithe a leagann an AE amach do ghníomhaireachtaí íocaíochta a chomhlíonadh. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne, ar a bhfuil 6 chomhalta seachtracha, athbhreithniú agus monatóireacht ar phlean oibre an Aonaid Iniúchta Inmheánach agus tuairiscíonn sé go bliantúil don Aire agus don Ard-Rúnaí ar a chur i bhfeidhm. Tá an Roinn faoi réir ag raon iniúchtaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an Aonad Iniúchta Inmheánach, ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa, ag Coimisiún an AE agus ag gnólaicht cuntasíochta gairmiúil a dheimhníonn an Cuntas Ratháíochta FEOGA bliantúil. I 2006, bhí an Roinn faoi réir ag tuairim is 3,000 lá duine iniúchta ag na comhlachtaí sin.

Déanann an Coiste Bainistithe Riosca, atá faoi Chathaoirleacht an Ard-Rúnaí chomh maith, monatóireacht ar fheidhmiú Chlár Bainistithe Riosca na Roinne. Is é cuspóir foriomlán an chlár na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne maidir lena cuspóirí a bhaint amach (rioscaí straitéiseacha, oibríochtúla, airgeadais agus clú) a aithint agus a mheasúnú agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin a leagan amach. Déantar athbhreithniú air ar bhonn leanúnach. Lean an clár, mar a athchóiríodh é i 2005, ag feidhmiú go sásúil i 2006.

Stiúrann an Grúpa Bainistithe MIF seachadadh Chreat Faisnéise Bainisteoireachta na Roinne agus déanann monatóireacht air. Déantar cathaoirleacht air ag leibhéal Rúnaí Cúnta. Le bliain anuas, tá tuarascálacha bainistithe atá comhdhéanta d'fhaisnéis ar tháscairí feidhmíochta airgeadais agus neamh-airgeadais, a bunaíodh faoi mhaoirseacht an Ghrúpa, socraithe síos agus tá an Grúpa i mbun athbhreithnithe ar an gcóras faoi láthair.

Tá tiomantas láidir ag an Roinn maidir le slándáil a córas teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus déantar athbhreithniú neamhspleách air sin freisin. Tá nósanna imeachta cultaca/aigshabhála doiciméadaithe ar bun do na sonraí criticiúla go léir, lena n-áirítear úsáid seirbhísí stórais eisláithreacha slána agus saoráidí aigshabhála tubaiste. Tá Aonad Slándála IT tiomanta ag an Roinn agus bíonn sí forghníomhach maidir le polasaithe slándála IT a fhorbairt agus a chur chun cinn. Bíonn socrúithe slándála ICT faoi réir ag athbhreithniú ag rannóg iniúchta IT an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Ina theannta sin, tá an Roinn, ina ról mar Ghníomhaireacht Íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir ag iniúchadh Creidiúnaithe bliantúil, lena n-áirítear athbhreithniú ar bhainistiú riosca ríomhairí. Mar chuid den phróiseas Creidiúnaithe, roghnaigh an Roinn an caighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: cód Cleachtais do bhainistiú Slándála Faisnéise a ghlacadh dá slándáil IT.

Aithnítear riachtanais oiliúna go rialta, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistiú airgeadais. San áireamh in oiliúint ionductaithe tá modúil ar bhainistiú airgeadais. Ina theannta sin, bíonn ábhar oiliúna inti ar fáil le seachadadh ar bhainistiú feidhmíochta agus ar thuairisciú táscairí, buiséidithe, pleanála agus bainistithe. Tá lámhleabhar athbhreithnithe ar nósanna imeachta airgeadais don Roinn á chur i gcrích agus tá ábhar le haghaidh chúrsa oiliúna d'oifigigh idirchaidrimh i rannáin líne á ullmhú agus leathfár amach i 2007 é.

T MORAN

Oifigeach Cuntais
AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA
30 Márta 2007

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Talmhaíochta agus Bia le haghaidh 2006 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmháíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna thuairim leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2007

IOMPAR

Cuntas den tsuim a caiteadh, sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh, agus den tsuim a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm mar leithreasuithe i gcabhair ina theannta sin:

- do thuarastail agus caiteachais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riaradh ag an Oifig úd, d'íoc deontas agus deontas i gcabhair áirithe agus seirbhísí eile faoi leith.

- le haghaidh fhorghéilleadh iarchurtha na leithreasuithe gan chaitheamh le haghaidh na seirbhísí soláthair chaipitil faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Seirbhís	Soláthar		Fabhruithe
	Meastacháin	Caiteachas	Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	38,368	38,252	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	3,799	3,727	2
A.3. COSTAIS TEAGMHASACHA	4,670	2,930	268
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	1,067	1,199	26
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE	2,750	2,513	78
A.6. COSTAIS ÁITRIBH OIFIGE	1,322	629	83
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHTA	2,134	1,813	129
BÓITHRE			
B.1. FEABHSÚ/COTHABHÁIL BÓITHRE			
	<i>Meastachán Bunaidh</i>	1,423,865	
	<i>Meastachán Forlíontach</i>	110,000	
	<i>Forghéilleadh Iarchurtha</i>	<u>96,500</u>	1,630,365
			1,650,644
B.2. CLÁR FORBARTHA THARLAITHE BÓTHAIR		265	96
B.3. GNÍOMHAIREACHTAÍ AGUS COSTAIS SÁBHÁILTEACHT BÓTHAIR		18,854	16,648
			256
IOMPAR POIBLÍ			
C.1. ÍOCAÍOCHTAÍ AS SOLÁTHAR SEIRBHÍSE POIBLÍ			
	<i>Meastachán Bunaidh</i>	311,987	
	<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(6,462)</u>	305,525
			301,120
C.2. CLÁR INFHEISTÍOCHTA UM IOMPAR POIBLÍ			
	<i>Meastachán Bunaidh</i>	491,526	
	<i>Meastachán Forlíontach</i>	(101,300)	
	<i>Forghéilleadh Iarchurtha</i>	<u>2,500</u>	392,726
			353,758
C.3. GNÍOMHAIREACHTAÍ AGUS COSTAIS IOMPAIR PHOIBLÍ		16,079	13,257
			-
EITLÍOCHT SHIBHIALTA			
D.1. ÁRACHAS UM IMSCRÚDÚ TIONÓISCÍ AERÁRTHACH		500	560
D.2. AERFOIRT RÉIGIÚNACHA			(12)
	<i>Meastachán Bunaidh</i>	27,686	
	<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(8,700)</u>	18,986
			17,987
D.3. ÍOCAÍOCHTAÍ LE HÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ DÍOLMHAITHE		3,823	2,466
D.4. SEIRBHÍSÍ EITLÍOCHTA ILGHNÉITHEACHA			-
	<i>Meastachán Bunaidh</i>	615	
	<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>6,463</u>	7,078
			6,661
D.5. COMHAR THUADH THEAS		4,500	-
			-

Seirbhís	Soláthar Meastacháin €000	Caiteachas €000	Fabhrúithe Deiridh €000
IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT MHARA			
E.1. GARDA CÓSTA NA hÉIREANN	32,468	31,745	560
E.2. SÁBHÁILTEACHT MHÚIRÍ AGUS RIALÁIL MARA	8,646	6,995	-
E.3. CALAFOIRT MHARA AGUS LOINGEAS	4,359	915	775
E.4. AN TIONSCNSAMH TRASTEORANN	145	-	-
ILGHNÉITHEACH			
F.1. RANNÍOCHAÍOCHTAÍ LE HEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA	5,713	6,592	15
F.2. SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA	<u>131</u>	<u>81</u>	<u>3</u>
An Mór Iomlán			
<i>Meastachán Bunaidh</i>	2,405,272		
<i>Meastachán Forlíontach</i>	1		
<i>Forghéilleadh Iarchurtha</i>	<u>99,000</u>	2,504,273	2,460,588
Bain de:-			6,943
G. LEITHGHABHÁLACHA I gCABHAIR	<u>36,581</u>	<u>40,211</u>	<u>18,096</u>
An Glan Iomlán			
<i>Meastachán Bunaidh</i>	2,368,691		
<i>Meastachán Forlíontach</i>	1		
<i>Forghéilleadh Iarchurtha</i>	<u>99,000</u>	<u>2,467,692</u>	<u>2,420,377</u>
			<u>(11,153)</u>
FARASBARR DON BHLAIN 2006		€ 47,315,450	
FORGHÉILLEADH IARCHURTHA faoi réir fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004		€ 29,100,000	
FARABARR LE TABHAIRT SUAS		€ 18,215,450	

Tá an Ráiteas um Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 16 mar chuid den Chuntas seo.

NÓTAÍ

1 EISCEACHTAÍ DO NA BEARTAIS GHINEARÁLTA CUNTASAÍOCHTA

Is é beartas na Roinne na sócmhainní a dhímheas ón dáta a cheannaítear iad. Cosúil leis sin is amhlaidh nach ndímheastar sócmhainní ach amháin anuas go dtí dáta a ndiúscartha agus ní mar a mhaítear in Alt 9 sa Ráiteas um Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta sa bhrollach leis na Cuntais.

2 RÁITEAS UM CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2006

	€000	€000	€000
Toradh Glan			2,420,377
Athruithe sna Sócmhainní Caipitiúla			
Ceannacháin in Airgead Tírim	(735)		
Diúscairtí in Airgead Tírim	2		
Dímheas	1,641		
Cailliúint ar Dhiúscairtí	<u>41</u>	949	
Sócmhainní faoi Fhorbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tírim		(1,812)	-
Athruithe sna Glan-sócmhainní Reatha			
Laghduithe i bhFabhrúithe Deiridh	3,934		
Laghduithe i Stoc	<u>(284)</u>	<u>3,650</u>	<u>2,787</u>
Caiteachas Díreach			2,423,164
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit Eile			
Glancaiteachas ar Seirbhísí Gaolmhara	20,545		
Cíosanna Barúlacha	<u>698</u>		<u>21,243</u>
Costas Oibriúcháin			<u>2,444,407</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2006

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 4)			3,390
Sócmhainní faoi Fhorbairt (Nóta 5)			<u>3,348</u>
			6,738
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 15)		701	
Réamhiocaíochtaí		136	
Ioncam Fabhraithe		18,096	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Cnapshuim Scoir	467		
Iarmhéideanna Óinchiste na dTástálaithe Tiománaithe	335		
Ginearálta	<u>108</u>	910	
Iarmhéid agus Airgead PMG	58,009		
Orduithe fós le Comhlíonadh	<u>(4,310)</u>	<u>53,699</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>73,542</u>	
Lúide Dliteanaís Reatha			
Costais Fabhraithe		7,079	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha	22,077		
Dlíte don Stát (Nóta 16)	1,230		
Asbhaintí Párolla	488		
Ginearálta	<u>73</u>	23,868	
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 6)		<u>30,741</u>	
Iomlán na nDlíteanas Reatha		<u>61,688</u>	
Glansócmhainní Reatha			<u>11,854</u>
Glansócmhainní			<u>18,592</u>

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2006

	Talamh agus Foirgnimh €000	Trealamh Oifige * €000	Troscán agus Feistis €000	Mótar- -fheithiclí €000	Sain- -trealamh €000	Iomlán €000
Costas nó Luacháil an 1 Eanáir 2006	-	2,655	336	99	-	3,090
Aistriú sócmhainní ón RCMAN ¹	460	730	49	4,268	8,306	13,813
Diúscairtí	-	390	4	285	56	735
Diúscairtí / aistriú sócmhainní ²	=	(62)	(2)	(38)	=	(102)
Ollsócmhainní an 31 Nollag 2006	<u>460</u>	<u>3,713</u>	<u>387</u>	<u>4,614</u>	<u>8,362</u>	<u>17,536</u>
Dímheas Carntha						
Iarmhéid Oscailte an 1 Eanáir 2006	-	1,984	165	44	-	2,193
Aistriú sócmhainní ón RCMAN ¹	-	606	20	3,294	6,451	10,371
Dímheas don Bhliain	-	385	40	511	705	1,641
Dímheas ar aistrithe /diúscairtí ²	=	(21)	=	(38)	=	(59)
Dímheas Carntha an 31 Nollag 2006	=	<u>2,954</u>	<u>225</u>	<u>3,811</u>	<u>7,156</u>	<u>14,146</u>
Glansócmhainní an 31 Nollaig 2006	<u>460</u>	<u>759</u>	<u>162</u>	<u>803</u>	<u>1,206</u>	<u>3,390</u>

* Chuir an chomhardaithe oscailte ina cheart

5 RÁITEAS UM SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA FAOI FHORBAIRT AMHAIL 31 NOLLAIG 2006

	Saintrealamh €000	Faisnéise €000	Iomlán €000
Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 1 Eanáir 2006	1,220	316	1,536
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	<u>1,331</u>	<u>481</u>	<u>1,812</u>
Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 31 Nollaig 2006	<u>2,551</u>	<u>797</u>	<u>3,348</u>

6 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2006

	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas		18,215
Forghéilleadh Iarchurtha		29,100
Deontas Státchiste nár Tarraingíodh		<u>(16,574)</u>
Glandliteanas don Státchiste		<u>30,741</u>
Leirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna Dochair: Iarchur	910	
Glanséasamh agus airgead PMG	<u>53,699</u>	54,609
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát (Nóta 16)	(1,230)	
Iarmhéideanna Sochair: Iarchur	<u>(22,638)</u>	<u>(23,868)</u>
		<u>30,741</u>

¹ Freagraíonn na hidirbhearta seo d'aistriú feidhmeanna sábháilteachta muirí agus iompair éigin ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha (RCMAN) chuig an Roinn Iompair an 1 Eanáir 2006.

² Freagraíonn na hidirbhearta seo go príomha d'aistriú feidhmeanna sábháilteachta bóthair éigin ón Roinn Iompair chuig an Údarás um Shábháilteacht Bóithre an 1 Meán Fómhair 2006.

7 FÁLTAIS BHREISE INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE

€

Pobal - Aisíoc an chistithe neamhchaite
Foireann ar Iasacht (Muirir Phinsin)

1,981,198
34,480
2,015,678

8 MÍNIÚ NA gCÚISEANNA UM ATHRÚ IDIR AN tASCHUR AGUS SOLÁTHAR NA MEASTACHÁN

Fo- chea nn te i deal	Níos Lú/(Níos Mó) ná mar a Soláthraíodh €000	Míniú
A.3.	1,740	Tháinig an t-athrúchán go príomha de bharr nárbh fhéidir bearta le hachair feithimh don tástáil tiomána a laghdú, dár soláthraíodh €1.8 sa bhliain 2006, dul i bhfeidhm ar feitheamh réiteach na saincheisteanna IR.
A.6.	693	D'eascair an t-athrúchán san fho-cheannnteideal seo go príomha de thoradh costas iarchurtha a bhain le cothabháil oifige.
B.2.	169	Tháinig an t-athrúchán aníos de dheasca líon na n-éileamh bailí ó Chomhlacha Tarlú Bóthair na hÉireann bheith ní b'isle ná mar a bhíodhas ag ceapadh roimh ré.
B.3.	2,206	Tháinig an t-athrúchán aníos de bharr caiteachais ní ba lú ná mar a bhíodhas ag tuar i leith caiteachas ceadúnaithe tiománaithe, ar chlár tacagraif um tharlú bóthair agus ar athlonnó an Bhiúró Liachta um Shábháilteacht ar Bhóithre.
C.2.	38,968	D'eascair an t-athrúchán óir nár críochnaíodh an próiseas ceadanna reachtúla i leith na síntí Luas áirithe agus Tionscadal Bhealach Chill Dara chomh tapa agus a ceapadh roimh ré. Níor tharla caiteachas planáilte áirithe mar thoradh air sin sa bhliain 2006.
C.3.	2,822	Tháinig an t-athrúchán óir caiteachas ar Luas (lena n-áirítear Fiosrúcháin Phoiblí) agus caiteachais Ordú Iarnróid bheith ní b'isle ná mar a réamh-mheasadh de dheasca nach ndeachaigh na próisis cheadanna reachtúla ar aghaidh chomh tapa agus a planáladh.
D.1.	(60)	Tháinig an t-athrúchán aníos de bharr préimheanna árachais bheith ní ba mhó ná mar a ceapadh roimh ré.
D.2.	999	Tharla na coigiltis ón éileamh scéim deontas nua a cheapadh ar comhlíontach í le treoirlínte nua an AE i leith aerfort réigiúnach agus an dianphróiseas meastóireachta agus roghnúcháin ina dhiaidh sin.
D.3.	1,357	Tháinig an t-athrúchán aníos de bharr líon na n-eitiltí díolmhaithe as a n-aisíoctar Údarás Eitlíochta na hÉireann faoin bhfo-cheannnteideal seo ná mar a bhíodhas ag ceapadh ó bhunús.
D.4.	417	Tháinig an t-athrúchán aníos óir ba ghá cistiú breise le costas na gcaiteachas a bhain le hIPO Aer Língus a shásamh.
D.5.	4,500	Tháinig an t-athrúchán aníos óir nár tharla an caiteachas a ceapadh roimh ré i ndáil le costais tionscadail sábháilteachta rúidbhealaigh ag Aerfort Chathair Dhoire sa bhliain 2006.
E.2.	1,651	Tharla an t-athrúchán óir an caiteachas i leith athlonnú Choimisinéirí Soilse na hÉireann chuig Dún Laoghaire bheith ní ba lú ná mar a bhíodhas ag tuar.
E.3.	3,444	Tháinig an t-athrúchán aníos de bharr dul chun cinn ní ba mhoille ná mar a bhíodhas ag dúil i leith tionscadal um oibreacha feabhsaithe ag na cuanta réigiúnacha.
E.4.	145	Tháinig an t-athrúchán de bharr nár tharla an caiteachas a bhíodhas ag dúil leis i limistéar na cumarsáide agus na sábháilteachta muirir ar an bhfarraige mhór agus saoráidí bonneagair na gcalafort.
F.1.	(879)	Tháinig an t-athrúchán aníos de dheasca sintiúis ní ba mhó ná mar a bhíodhas ag dúil leis le hEurocontrol.

- F.2. 50 D'eascair an t-athrúchán óir an méid a caitheadh ar mhonatóireacht agus ceadú na gceardlann Tacagraif bheith ní ba lú ná mar a bhíothas ag tuar.

9 LEITHGHABHÁLACHA I gCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1. Forchúiteamh i leith Fhoireann ar Iasacht	337,000	386,661
2. Táillí Ceadúnais Iompair Bhóthair	601,000	1,454,917
3. Aisíoc Údarás Eitlíochta na hÉireann de Shintíúis le hEagrais Idirnáisiúnta	5,331,000	6,456,391
4. Forchúiteamh Gíosaanna ag Údarás Eitlíochta na hÉireann, srl.	305,000	305,116
5. Cosatais Ghaolmhara Údarás Eitlíochta na hÉireann Irish Aviation Authority Associated Costs	1,552,000	2,029,727
6. Forchúiteamh Costas d'Iniúchadh Sábháilteachta an IAA	1,000	-
7. Fáltais Ilghnéitheacha	223,000	694,462
8. Táillí Tástála Tiomána	7,300,000	8,421,052
9. Bóithre Dola Náisiúnta	18,000,000	18,522,371
10. Tástáil Feithicle	801,000	1,372,526
11. Forchúiteamh LGF i leith Costais Cheadúnaithe Tiománaí	1,680,000	370,458
12. Fáltais faoi na hAchtanna Loingis Thráchtála agus Loingis Cheannaíochta	450,000	197,184
Iomlán	36,581,000	40,210,865

Míniú na nAthruithe

- D'eascair an t-athrúchán óir líon na foirne ar iasacht le linn 2006 bheith ní b'airde ná mar a bhíothas ag dúil leis ar dtús.
- Tharla an méadú um ioncam de bharr tabhairt isteach na gCártaí Cliste do Thacagraif Dhigiteacha sa bhliain 2006, as ar eascair sreabhadh ioncaim bhreise, agus mar thoradh ar ghníomhaíochta mhéadaithe san iompar bóthair de bharr fáis eacnamaíoch.
- Tháinig an méadú i sintíúis sa bhliain 2006 aníos mar thoradh ar chostais mhéadaithe tar éis athbhreithniú ar shocruithe pinsin i ndáil le hEurocontrol.
- D'eascair an t-athrúchán go príomha i ndáil le costais riaracháin ní b'airde ná mar a bhíothas ag dúil leis um maoirsiú agus monatóireacht an IAA as a n-aisíoctar an Roinn.
- Is deacair na fáltais ilghnéitheacha a réamh-mheas de bharr a mbunbhrí féin.
- Tháinig an méadú aníos óir líon na n-iarratas a fuarthas i leith Tástálacha Tiomána bheith ní b'airde ná mar a bhíothas ag dúil leis.
- Tharla an méadú i bhfáltais de bharr méadú i líon na gcarr á dtástáil.
- Tháinig an t-athrúchán aníos de réir mar a bhíothas ag tuar mar nár tharla na costais cheadúnais tiomána a rabhtas ag dúil leo as a bhfaighfí forchúiteamh faoin bhfo-cheannteideal seo.
- D'eascair an t-athrúchán de bharr laghdú i ngníomhaíocht suirbhéireachta i rith na bliana.

10 CEANGALTAIS

(A) Ceangaltais Iltaobhacha

	€
(i) Fo-cheanteidil Fhála	23,881,144
(ii) Fo-cheanteidil Deontais	45,916,353

(B) Ceangaltais Chaipitil is Infheidnithe le Dlí

11 DLITEANAIS AIBITHE

Ba é €2,262,472 iomlán na ndliteanas aibithe an 31 Nollaig 2006.

12 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó
	€			€
Dualgais níos airde, speisialta nó breise	1,048,309	326	77	43,708
Ragobair agus Tinreamh sa breis	2,242,433	346	130	30,183
Liúntas Seala agus Uainchláir	<u>367,659</u>	62	29	11,558
Luach Saothair bhreise in iomlán	<u>3,658,401</u>			

Nóta: Fuair daoine aonair faoi leith luach saothair bhreise ó ní ba mhó ná catagóir amháin.

13 MÍREANNA EISCEACHTÚLA

Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh anonn €99m den leithdháileadh neamhchaite i ndáil le gné chaipitiúil d'Fhocheannteidil B.1. agus C.2. go dtí an bhliain 2006.

Tugadh anonn go dtí an bhliain 2007 €29.1m de leithdháileadh neamhchaite i ndáil le gné chaipitiúil na bhFo-cheannteideal B.1., B.3., E.1. agus E.3. trí Ordú Aireachta i leith chaitheamh an chaipitil anonn.

Mar a aontaíodh leis an Roinn Airgeadais faoi théarmaí Chomhaontú an Bhuiséid Riaracháin, b'amhlaidh a áiríodh tabhairt anonn €2,164,000 de choigiltis ón mbliain 2006 leis na Meastacháin do 2007.

Caitheadh €60,600 (comhlán) san iomlán ar dhámhachtainí fiúntas, i. iomlán de 295 dámhachtain ar leithligh as ar tháinig íocaíochtaí ar leithligh idir €150 agus €650.

Fuarthas €35,252 mar shuim ón gCiste Bainistíochta Athrú, Fo-cheannteideal M. den Vóta don Roinn Airgeadais.

Áirítear leis an gcuntas seo íocaíochta úis phionósaigh faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 ag teacht go €893.

14 MAOINIÚ ÓN AE

Is é seo a leanas maoiniú an AE a fuair comhlachtaí faoi choimirce na Roinne:

€000

Maoiniú faoin gCiste Forbartha Réigiúnach Eorpach

Tosaíocht an Iompair Phoiblí (Córas Iompair Éireann / Iarnród Éireann)

52,605

Líonra Tras-Eorpach - Iompar

Córas Iompair Éireann (Iarnród)

=

Iomlán

52,605

15 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2006:

€000

Stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige

49

Earraí Inchaite TF, srl.

10

Sainábhair Inchaite (Garda Cóstá na hÉireann)

642

701

16 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlíte don Stát an 31 Nollaig 2006 ná:

€000

Cáin Ioncaim	509
Cáin Bhreisluacha	318
Árachas Sóisialach Pá-Choibneasa	211
Cáin Shiarchoinneálach	<u>192</u>
	<u>1,230</u>

JULIE O'NEILL

Oifigeach Cuntasaíochta

AN ROINN IOMPAIR

29 Marta 2007

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Iompair le haghaidh 2006 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Iompair. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006. Tugtar aird ar Chaibidil 8 de mo thuarascáil le haghaidh 2006 arna ullmhú agamsa de bhun Alt 3 den Acht.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2007

AN GAILEARAÍ NÁISIÚNTA

Cuntas den suim a caite, sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006, i gcomparáid leis an suim a tugadh, agus an tsuim a d'fhéadfadh a bheith curtha i bhfeidhm mar leithris-i-gcabhair i dteannta dó, i gcóir tuarastail agus costais an Ghailearaí Náisiúnta le deontais-i gcabhair san áireamh.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
RIARACHÁN			
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	4,770	4,745	1
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	52	69	-
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	1,753	1,400	81
A.4. SEIRBHÍISÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	152	136	3
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE	305	445	(32)
A.6. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	971	977	49
A.7. SEIRBHÍISÍ COMHAIRLEOIREACHTA	136	278	29
SEIRBHÍISÍ EILE			
B. CISTE DEONTAS-I-gCABHAIR LE HAGHAIDH SEALBHUTHE AGUS CAOMHNATHE	1,260	1,260	(8)
C. COMHALTACHT ÍOSÁNACH AN GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA (DEONTAS-I-gCABHAIR)	<u>41</u>	<u>41</u>	-
An Mór Iomlán	9,440	9,351	123
<i>Bain de:-</i>			
D. - LEITHGHABHÁLACHA I gCABHAIR	<u>1</u>	<u>2</u>	-
An Glan Iomlán	<u>9,439</u>	<u>9,349</u>	<u>123</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€89,507		

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail C(h)untasaíochta agus Nótaí 1 go 10.

NÓTA

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2006

	€000	€000	€000
Toradh Glan			9,349
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tírim	(317)		
Dímheas	<u>258</u>	(59)	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Laghdu i bhFabhruithe Deiridh		<u>(234)</u>	<u>(293)</u>
Caiteachas Díreach			9,056
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara			<u>623</u>
Costas Oibriúcháin			<u>9,679</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2006

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitil (Nóta 3)			887
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 9)		9	
Réamhíocaíochtaí		107	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Ilghéitheach		13	
PMG—Iarmhéid agus Airgead Tírim	1,100		
Orduithe Gan Íoc	<u>(481)</u>	619	
Glandliteanas ón Stáitchiste (Nóta 4)		<u>69</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>817</u>	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhráithe		230	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Deontas-I-gCabhair Le Haghaidh Sealbhuithe agus Caomhnaithe (Nóta 8)	479		
Comhaltacht Iosanach an Ghailearaí Náisiunta Deontas-I-gCabhair (Nóta 8)	<u>222</u>	701	
Iomlán na nDliteanas Reatha		<u>931</u>	
Glanshócmhainní Reatha			<u>(114)</u>
Glanshócmhainní			<u>773</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL AG 31 NOLLAIG 2006

	Trealamh Oifige Innealra Eile €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2006	1,771	1,017	2,788
Breiseanna	153	132	285
